Information Leaflet No. 1
– January 2022

Clontarf to City Centre Project
INFORMATION LEAFLET

Dear Resident/Business Owner,
This leaflet provides information on the Clontarf to City Centre Project.

The Clontarf to City Centre Project (C2CC Project) is a transportation project being delivered by Dublin City Council. It is funded by the National Transport Authority.



It will provide high quality walking and cycling facilities, and bus priority infrastructure along a 2.7km route that extends from Clontarf Road at the junction with Alfie Byrne Road, to Amiens Street at the junction with Talbot Street. The route is identified as a primary route in the Greater Dublin Area Cycle Network Plan, published by the National Transport Authority in 2013. As well as providing cycle network upgrades and improved transport infrastructure, the project includes the delivery of water network infrastructure upgrades in partnership with Irish Water. It also includes extensive upgrades to footpaths, tree planting and other greening measures.

It is anticipated that construction on this project will commence in early 2022. In order to deliver this complex but very worthwhile project for the city, there will be some unavoidable temporary disruption to the area. Dublin City Council, in collaboration with our contractor will endeavour to minimise this as much as possible. Regular and timely updates in relation to temporary traffic management arrangements will be provided as the works progress.

NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

Tionscadal Eireann Project Ireland 2040

WHAT'S IN THIS LEAFLET?

1. Project Overview
2. Project Visualisations
3. Traffic Diversions During Construction Works
4. How to Contact Us
5. Further Updates

1 PROJECT OVERVIEW

The C2CC Project will:

- Provide high quality, continuous, protected cycling facilities to cater for all ages and abilities to meet existing and future demand;
- Deliver street improvements by reconstructing all footpaths along the route, creating eight community plazas and contributing to improved greening through new tree planting and delivery of soft landscaping.
- Provide safe and accessible pedestrian and cycle links from Marino to Fairview Park, making Fairview Park accessible for all.
- Provide a new pedestrian walkway in Fairview Park.
- Provide a section of the Tolka Valley Greenway from Annesley Bridge to Alfie Byrne Road.
- Deliver improved pedestrian facilities by upgrading footpaths and installing additional pedestrian crossings along the entire corridor;
- Improve bus journey times and reliability;
- Contribute to a reduction in transport emissions in line with the objectives of the Climate Action Plan by encouraging a modal shift to active travel and public transport use;
- Replace approximately 6km of 100 year old large watermain pipes. This will reduce water leakage and ensure continuity of supply in the future.

2 PROJECT VISUALISATIONS & DRAWINGS

Design drawings of the C2CC Project have been made available for viewing at the following local libraries:

- Charleville Mall Library, North Strand, Dublin 1
- Marino Library, 14 - 20 Marino Mart, Dublin 3

Further images, landscape drawings and a public realm design report for the Clontarf to City Centre Project can be viewed on the Dublin City Council website: www.dublincity.ie/c2cc/

3 TRAFFIC DIVERSIONS DURING CONSTRUCTION WORKS

The contractor for the project is required to prepare a works programme, which will include a detailed temporary traffic management plan to facilitate the construction works.

During the project design stage, a key consideration was that the construction stage should be managed so as to deliver the project in the most efficient way possible. In this way, the duration of disruption to the area can be minimised as much as possible.

In terms of traffic management arrangements to be put in place, the works contractor will be required to maintain a minimum of three lanes of traffic through the project corridor, with two outbound lanes including an outbound bus lane, and one inbound bus lane provided. This means that for some periods during the works, inbound general traffic may be diverted around the works. When these diversions are in place, inbound and outbound routes for buses, taxis, cyclists and footpath users will be maintained through the area, and local access will be facilitated at all times.

Along some sections of the route, it will be possible to complete the works while maintaining both inbound and outbound general traffic lanes. Short duration works, involving road crossings at constrained sections for example, may also require traffic lane reduction to less than three lanes for short periods. These short duration works will be programmed at times when they will cause the least possible disruption, and some overnight works may also be required.

4 HOW TO CONTACT US

If you would like further information on the C2CC Project or to contact us, please see the options below:

- Project website: www.dublincity.ie/c2cc
- Project Email Account: c2ccproject@dublincity.ie
- Project Postal Address: Dublin City Council, C2CC Project, Environment & Transportation Department, Block 2, Floor 7, Civic Offices, Wood Quay, Dublin 8, D08 RF3F.
- Dublin City Council's Project Liaison Officer: 01 222 2536

5 FURTHER UPDATES

Dublin City Council aims to provide clear, concise and accurate information to residents and businesses along the route of the C2CC Project, to all users of the C2CC Project corridor, and to all relevant stakeholders, so that the project is completed in a manner that causes the least disruption to all, and so that stakeholders have access to regularly updated information on the status and progress of the project.

A Frequently Asked Questions (FAQ) document will be prepared and made available in the coming months and will be updated and maintained throughout the project construction stage.

We hope you found this information useful and, as outlined above, further updates will be provided throughout the delivery of the Clontarf to City Centre Project.

Bileog Eolais Uimhir 1
– Eanáir 2022

Tionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach

BILEOG EOLAIS

A Chónaitheoir/A Úinéir Ghnó,
Tá eolas le fáil sa bhileog seo faoi Thionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach.

Is tionscadail iompair é Tionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach (Tionscadal C2CC) a bhfuil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freagrach as. Tá sé á mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair.



Soláthrófar saoráidí siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán, agus bonneagar tosaíochta bus feadh bhealach 2.7km a shíneann ó Bhóthar Chluain Tarbh ag an acomhal le Bóthar Ailf Uí Bhroin, chomh fada le Sráid Amiens ag an acomhal le Sráid Thalbóid. Tá an bealach seo sainaitheanta mar phríomhbhealach i bPlean Gréasán Rothar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, a d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair in 2013. Le cois uasghráduithe ar an ngréasán rothar a sholáthar agus bonneagar iompair feabhsaithe, cuimsítear sa tionscadal uasghráduithe a dhéanamh ar bhonneagar an ghréasáin uisce i gcomhpháirt le hUisce Éireann. Chomh maith leis sin, tá uasghráduithe suntasacha le déanamh ar chosáin, tá crainn le cur agus tá bearta glasaithe eile le cur i bhfeidhm.

Tá sé beartaithe tús a chur leis an obair thógála a bhaineann leis an tionscadal seo ag tús 2022. Chun an tionscadal fiúntach ach casta seo a chur i gcrích ar mhaithe leis an gcathair, beidh sé riachtanach cur isteach go sealadach ar chúrsaí tráchta sa cheantar. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhpháirt lena conraitheoir, iarracht an cur isteach a íoslaghdú a mhéid agus is féidir. Soláthrófar nuashonruithe rialta agus tráthúla maidir le socruithe sealadacha bainistíochta tráchta de réir mar a leanfar leis na hoibreacha.

NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

Tionscadal Eireann Project Ireland 2040

CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?

1. Forléargas ar an Tionscadal
2. Amharcléirithe Tionscadail
3. Bainistíocht Tráchta i Rith Oibreacha Tógála
4. Conas Teagmháil a dhéanamh Linn
5. Nuashonruithe Breise

1 FORLÉARGAS AR AN TIONSCADAL

Seo a leanas an méid a bheidh mar thoradh ar Thionscadal C2CC:

- Soláthrófar saoráidí rothaíochta ar ardchaighdeán, leanúnacha, cosanta chun freastal ar dhaoine de gach aois agus cumas, agus freastal ar an éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;
- Feabhsófar sráideanna trí gach cosán feadh an bhealaigh a atógáil, ocht bplás pobail a chruthú agus cabhrú le glasú feabhsaithe trí chrainn nua a chur agus tírdhreachú bog.
- Soláthrófar naisc shábháilte agus inrochtana do choisithe agus do rothaithe ó Pháirc Fhionnradhairc, rud a chiallaíonn go mbeidh Páirc Fhionnradhairc inrochtana do chách.
- Soláthrófar siúlbhealach nua do choisithe i bPáirc Fhionnradhairc.
- Soláthrófar cuid de Ghlasbhealach Ghleann na Tulchann ó Dhroichead Annesley go Bóthar Ailf Uí Bhroin.
- Feabhsófar saoráidí do choisithe trí chosáin a uasghrádú agus trasrianta breise do choisithe a shuiteáil feadh na conaire ina hiomláine;
- Feabhsófar amanna agus iontaofacht aistear bus;
- Cabhrófar le hastaíochtaí iompair a laghdú de réir chuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide trí thacú le haistriú córa iompair chuig taisteal gníomhach agus úsáid iompair phoiblí;
- Athsholáthrófar thart ar 6km de phríomhphíopaí uisce 100 bliain d'aois. Beidh sé seo mar bhonn le sceith uisce a laghdú agus leanúnachas soláthair a chinntiú amach anseo.

2 AMHARCLÉIRITHE & LÍNÍOCHTAÍ TIONSCADAIL

Tá líníochtaí dearaidh de Thionscadal C2CC curtha ar fáil agus is féidir breathnú orthu sna leabharlanna áitiúla seo a leanas:

- Leabharlann Mheal Charleville, An Trá Thuaidh, Baile Átha Cliath 1
- Leabharlann Marino, 14 - 20 Marglann Marino, Baile Átha Cliath 3

Tá tuilleadh íomhánna, líníochtaí tírdhreacha agus tuarascáil maidir le dearadh na ríochta poiblí a bhaineann le Tionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach le fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: www.dublincity.ie/c2cc/

3 ATREORUITHE TRÁCHTA I RITH OIBREACHA TÓGÁLA

Ceanglaítear ar chonraitheoir an tionscadail seo clár oibreacha a ullmhú, a áireofar ann plean bainistíochta tráchta sealadach mionsonraithe chun na hoibreacha tógála a éascú.

I rith chéim dearaidh an tionscadail, príomhábhar breithniúcháin ba ea go mbeadh an chéim tógála á bainistiú ar bhealach a chinnteodh go bhféadfaí an tionscadal a chur i gcrích ar an mbealach is éifeachtaí agus is féidir. Ar an tslí seo, is féidir an tréimhse ama a gcuirtear isteach ar chúrsaí tráchta sa cheantar a laghdú oiread agus is féidir.

Maidir leis na socruithe bainistíochta tráchta atá le cur i bhfeidhm, ceanglófar ar an gconraitheoir oibreacha trí lána tráchta ar a laghad a choimeád oscailte i gconair an tionscadail, le dhá lána amach lena n-áirítear lána bus amach, agus lána bus isteach amháin. Ciallaíonn sé seo, i rith roinnt tréimhsí nuair a bheidh na hoibreacha ar siúl, go bhféadfaí trácht ginearálta isteach a atreorú mórthimpeall na n-oibreacha. Fad is atá na hatreoruithe seo i bhfeidhm, coimeádfar bealaí isteach agus amach oscailte le haghaidh busanna, tacsaithe, rothaithe agus úsáideoirí cosáin sa cheantar, agus beidh rochtain ag daoine áitiúla ar an gceantar an t-am ar fad.

Feadh codanna áirithe den bhealach, beifear in ann na hoibreacha a chur i gcrích fada is atá lánaí tráchta ginearálta isteach agus amach fós oscailte. B'fhéidir go mbeadh sé riachtanach nuair atá oibreacha nach dtógann mórán ama á ndéanamh, a áirítear iontu obair ag trasbhealaí bóthair ag codanna srianta mar shampla, na lánaí tráchta á laghdú go dtí níos lú ná trí lána le haghaidh tréimhsí gearra. Déanfar na hoibreacha seo nach dtógfaidh mórán ama nuair nach mbeidh tionchar ollmhór acu ar chúrsaí tráchta, agus b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach roinnt oibreacha a dhéanamh thar oíche freisin.

4 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le Tionscadal C2CC nó más mian leat teagmháil a dhéanamh linn, féach ar na roghanna thíos:

- Suíomh Gréasáin an Tionscadail: www.dublincity.ie/c2cc
- Cuntas Ríomhphoist an Tionscadail: c2ccproject@dublincity.ie
- Seoladh Poist an Tionscadail: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Tionscadal C2CC, An Roinn Comhshaoil & Iompair, Bloc 2, Urlár 7, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F.
- Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: 01 222 2536

5 NUASHONRUITHE BREISE

Is é an aidhm atá ag Foireann Tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath eolas soiléir, beacht agus cruinn a chur ar fáil do chónaitheoirí agus do ghnóthaí feadh bhealach Thionscadal C2CC, do gach úsáideoir chonair Thionscadal C2CC, agus do gach páirtí leasmhar ábhartha, ionas go gcuirtear an tionscadal i gcrích ar bhealach nach gcuireann isteach ar bhealach iomarcach ar gach duine, agus ionas go bhfuil rochtain ag páirtithe leasmhara ar fhaisnéis atá á nuashonrú go rialta maidir le stádas agus dul chun cinn an tionscadail.

Ullmhófar doiciméad Ceisteanna Coitianta (CCanna) agus beidh an doiciméad ar fáil sna míonna amach romhainn agus déanfar é a nuashonrú agus a chothabháil i rith chéim tógála an tionscadail.

Tá súil agam go mbeidh an t-eolas seo úsáideach agus, mar atá luaite thuas, cuirfear tuilleadh nuashonruithe ar fáil fad is atá Tionscadal Chluain Tarbh go Lár na Cathrach ar siúl.